



Borradh na Gaelscolaíochta ar fud na hÉireann-fiche bliain ag fás.

Clodagh Somers agus Tori Hehir
Gaelcholáiste Luimnigh


Tír gan teanga tír gan anam

Réamhrá
Táimid ag freastal ar Ghaelcholáiste nua i gcathair Luimnigh-Gaelcholáiste Luimnigh agus tá an suim againn in ár dteanga náisiúnta - Gaeilge. Tá fás ollmhór le feiscint inár gColáiste le blianta beaga anuas. Nuair a bhunaíodh an scoil 5 bliana ó shin ní raibh ach 33 dalta sa scoil agus anois tá breis is 300 agus táimid ag dul ó neart go neart, fós ag fás gach bliain. Tá cúis éigin don bhfás tapa seo cinnte, ach céard? Tá an spéis againn san ábhar seo agus mar sin táimid ag iarraidh an chúis atá taobh thiar don bhfás in ár scoil féin agus i nGaelscoileanna timpeall na hÉireann le fiche bliain anuas a fhiosú.


Modh
Bhíomar ag iarraidh a fhiosú an fáth go bhfuil fás le feiscint i nGaelscoileanna ar fud na tíre. Agus muid ag déanamh an tionscnamh thugamar faoi deara go raibh naoi bpríomhachtóir ag dul leis: Taighde a dhéanamh ar dtús. Seoladh, uimhir guthán agus ainmneacha na príomhóidí a fháil. Nascanna a dhéanamh le scoileanna eile ionas gur feidir linn ceistneoir a sheoladh chuig na daltaí Ceistneoir a chruthú. Litir a scríobh chuig na príomhóidí. Ceistneoir agus litir a sheoladh chuig gach Príomhoide Gaelscoile sa tír. Ceistneoir a sheoladh chuig na daltaí i scoil lán Gaeilge agus Béarla. Ceistneoir a sheoladh chuig tuismitheoirí. Anailís a dhéanamh chun na freagraí a fháil.

	Seoladh	Méid
Daltaí (Gaelscoil)	Cill Mhantáin	150
Daltaí (Gaelscoil)	Baile Átha Cliath	150
Daltaí & Tuistí	Luimneach	112
Príomhóidí	Timpeall na tíre	25
Daltaí(Scoil Bhéarla)	Timpeall na tíre	50
Daltaí (Gaeltacht)	Daingean	50


An méid a labhraíonn Gaeilge sa tír?




An raibh tionchar ag na bónasmharcanna sna scrúdúithe stá it ar do chinneadh chun Gaelscoil a roghnú? An raibh tú a r a n eolas faoi na pointí sa bhreis?



Tá an toradh seo suimiúil. Is léir nach raibh tionchar an mhór ag na bónas mharcanna sna scrúdúithe stáit nuair a bhí tuistí ag fiosrú oideachas do na leanaí, ní raibh ach 49% do na tuistí. Níor mheall na bónas mharcanna sna scrúdúithe na tuistí sin. Ní raibh 19% ar an eolas faoi na bónas mharcanna agus mar sin, ní raibh a gcinneadh bunaithe ar pointí sa bheis sna scrúdúithe. Áfach, dúirt 32% go raibh tionchar ag na bónas mharcanna ar a gcinneadh. San iomlán, le 68%, nííl sí mar fachtóir an mhór i bhfás na Gaelscoileanna.




Dá bhfaighfear deis chun freastal ar Ghaelscoil, an rachfá?



Is léir ó na torthaí seo go bhfuil éileamh ar Ghaelcholáistí mar tá 64% daltaí sásta teacht chuig Gaelscoil. Deir 64% de na daltaí dá mbeadh an seans acu rachfadh said chuig Gaelchláiste in ionad scoil lán-Béarla. Deireann 36% dos na daltaí nach athródh said a gcinneadh agus b'fhearr leo fós a bheith ag freastal ar Ghaelcholáiste. Léiríonn sé sin go bhfuil 36% dos na daltaí a fhreastalaíonn ar scoil lán-Béarla sásta ann.

An cheapann tú go bhfuil sé tábhachtach chun teanga ár thír féin a léanuint ar feadh na glúin atá le teacht?

Ceapaim Ní cheapaim



Ceapann 92% daltaí go bhfuil sé tábhachtach Gaeilge a labhairt chun teanga ár dtír féin a chaomhnú. Ceapann 8% nach bhfuil sé tábhachtach chun teanga ár dtír féin a chaomhnú do na glúine atá le teacht. Is léir go bhfuil an ghrá acu don teanga.

Conclúid:
An bhfuil sé de bharr: Caighdeán ard oideachas?
Tá, ceapann daltaí go mbeidh an Gaeilge mar bhuntáiste sa todhchaí chun postanna maithe a fháil.
Bónasmharcanna atá ar fáil?
Níl, cuireamar ceist ar na tuistí ar fad agus dúirt 49% dóibh nach raibh sé mar tionchar ar cur ar bith agus dúirt 19% dóibh nach raibh fhios acu faoi na pointí sa bhreis ar cur ar bith.
An chultúr a bhaineann leis an dteanga, grá don theanga?
Tá, dúirt 92% do na daltaí sna Gaelscoileanna agus 84% do na daltaí ón Ghaeltacht go bhfuil sé tábhachtach chun teanga ár thír féin a léanuint ar feadh na glúin atá le teacht.
Iomhá atá ag gaelscoileanna (cosúil le scoil príomháideach)?
Níl, dúirt 63% do na daltaí sna Gaelscoileanna nach raibh iomhá ag Gaelscoileanna cosúil le scoileanna príomháideach.
Ranganna níos lú?
Tá, dúirt 66% do na tistí go raibh an líon beaga de daltaí sna ranganna i Gaelscoileanna mar tionchar chun scoil a roghnú. Seo na fáthanna ba mhó a thugamar faoi dheara go bhfuil said ag dul ó neart go neart.

Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste